C/2023/1505

12.12.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11234 — GENERALI / LIBERTY SEGUROS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1505)

1. An 4 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Assicurazioni Generali S.p.A. ('Generali', an Iodáil),

— Liberty Seguros, Compañia de Seguros y Reaseguros, S.A. ('Liberty Seguros', an Spáinn), a bhaineann le Liberty Mutual Insurance Group, atá faoi lánúinéireacht Liberty Spain Holdings LLC agus Liberty UK agus Europe Holdings Limited.

Gheobhaidh Generali urlámhas aonair ar Liberty Seguros ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Generali gníomhach in árachas, athárachas, soláthar seirbhísí cúnaimh agus bainistíocht réadmhaoine agus sócmhainní,

— Cuireann Liberty Seguros táirgí árachais neamhshaoil agus árachais saoil ar fáil sa Spáinn, sa Phortaingéil agus in Éirinn den chuid is mó, ag díriú den chuid is mó ar árachas mótarfheithicle agus ar árachas baile agus riosca saoil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11234 — GENERALI / LIBERTY SEGUROS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').